Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Márta 2026
(OR. en)

6296/26

LIMITE

COEST 143

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÚcráine arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú, agus bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha tofa na hÚcráine a fhormhuiniú |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÚcráine arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú, agus bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha tofa na hÚcráine a fhormhuiniú**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú'), i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017.

(2) Dearbhaítear sa Bhrollach a ghabhann leis an gComhaontú gealltanas na bPáirtithe athchóirithe agus próisis chomhfhogasaithe a thabhairt chun cinn san Úcráin, bunaithe ar luachanna coiteanna.

(3) Faoin gComhaontú, tá na Páirtithe le dul i mbun cineálacha éagsúla idirphlé agus comhair, lena n-áirítear idirphlé polaitiúil i ngach réimse leasa fhrithpháirtigh (Airteagal 4), idirphlé agus comhar maidir le hathchóirithe intíre, comhar i mbainistiú an airgeadais phoiblí, agus comhar i réimse an bheartais réigiúnaigh.

(4) De bhun a n-oibleagáide dul i mbun idirphlé agus comhair, is mian leis na Páirtithe fochoiste um athchóiriú ar an riarachán poiblí a bhunú faoin gComhaontú agus bunú comhchoiste comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha tofa na hÚcráine a fhormhuiniú.

1 IO L 161, 29.5.2014, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/2014/295/oj.



PUBLIC

(5) Foráiltear leis an gComhaontú go bhféadfaidh an Chomhairle Comhlachais a chinneadh aon choiste nó comhlacht speisialta a bhunú i réimsí sonracha is gá chun an Comhaontú a chur chun feidhme.

(6) Ba cheart don Chomhairle Comhlachais, cinneadh a dhéanamh Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú agus bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste na Réigiún agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha tofa na hÚcráine a fhormhuiniú,

PUBLIC

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais go dtacófar le bunú an Fhochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí agus go ndéanfar bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha tofa na hÚcráine a fhormhuiniú, agus beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÚcráine atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC